COLAISTE CHARA, CILL CHARTHA
DÚN NA NGALL

Polasaí Gaeilge - Cúrsaí Samhraidh

Is Coláiste Gaeilge é Coláiste Chara. Is é is príomh-chúram dúinn ná cumas Gaeilge na scoláirí afhorbairt le linn an chúrsa ar gach slí is fearr.
Chuige seo, déanfaimid gach iarracht ar thimpeallach thaitneamhach ghaelach a chruthú, inar féidir le scoláirí a saol ar fad a chaitheamh trí mheán na Ghaeilge.

1. Sé an dóigh is fearr leis an teanga a fhoghliam na í a usaid comh minic agus is feidir.

2. Iarrtar ar na scolairí atá ag freastal ar Choláiste Chara an Gaeilge a labhairt i gconaí.

3. Tá sé de ulgais ar na ceannaire na scolairí a screagadh Gaeilge alabhairt le linn an lae agus oíche ag na himeachtai uilig.

4. Bíonn ranganna foirmeálta gach lá. Beifear ag súil go gcuirfidh ábhar na gceachtanna sna ranganna seo, agus módh a mhúinte, ar chumas na scoláirí an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an gcuid eile den lá.
   Is í an Ghaeilge teanga gach gné de shaol an Choláiste.

5. Glactar leis go mbeidh an t-íosmhéid áirithe sin Gaeilge ag scoláirí ag teacht chugainn agus a chuirfidh ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as an gcúrsa trí mheán na Gaeilge. Beifear ag súil le hiarracht mhacánta ar Ghaeilge a labhairt ó gach scoláire de réir a c(h)umas.

6. Ní maith linn scoláire a chur abhaile as Béarla a labhairt ach i gcás fíor-eisceachtúil. B'fhearr linn daoine a mhealladh chun Gaeilge más féidir. Chuige sin tá sé leagtha mar phríomhchúram orthu siúd a bhíonn i bhfeighil na scoláirí brú dearfa Gaeilge a choimeád ar na páistí i rith imeachtaí an lae.

7. Cuirfear córas ar bun chun aitheantas a thabhairt do mhic léinn atá ag déanamh iarrachta bhríomhair an Gaeilge a labhairt taobh amuigh den rang, agus bronnfar teastas orthu ag deireadh an chúrsa.
8. Cosc Iomlán ar chaint Béarla agus an gnáth-polasaí smachta.

9. Ní ghlacfar le droch iompar, bagairt teanga, bagairt fisiciúil nó tromaíoch ar bith

    - An chéad Uair:- Rabhadh (Warning)
    - An Dara Uair:- Ainm sa Leabhar
    - Triú Uair:- Labharfaidh an príomhoide leis an scoláire agus na tuismitheoirí
    - An Ceathrú Uair:- Thig an scoláire a chuir abhaile

Déanfar athraithe ar an bpolasaí seo
Dáta: 01/08/2026

Dáta: 01/10/2025

Sínithe: (Stiúrthóir) Mairead Uí Bhradaigh